Altraí ar stailc

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi altraí atá ar stailc i mBaile Átha Cliath. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal seo a aimsiú?

1. aighneas _____
2. Cumann Altraí & Ban Cabhrach na hÉireann _____
3. cúrsaí pá agus foirne _____
4. bonnáin _____
5. líne phicéid _____
6. ag tacú le _____
7. coinne ospidéil _____
8. ráta cánach _____
9. coiste sláinte _____
10. cuir ar ceal _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Scríobh achoimre ghearr ar an scéal.

2. Léigh d'achoimre amach don duine in aice leat. An raibh an t-eolas céanna agaibh?

Ceist 3 Féach ar an mír arís agus freagair an cheist seo:

Cén fáth ar luadh na figiúirí seo?

37,000
27,000
240
82

Ceist 4 '…ar ceal…'

ach

ar c***h***athaoir

1. Leanann an dá ainmfhocal (ceal agus cathaoir) an réamhfhocal simplí 'ar'. Cén fáth nach bhfuil séimhiú ar 'ceal' ach tá séimhiú ar an ainmfhocal 'cathaoir'?

2. Bain amach na lúibíní sna samplaí thíos agus déan cibé athrú is gá:

   - ar (barr) an tí
   - bhí na daoine ar (meisce)
   - gheobhaidh muid gluaisteán ar (cíos)
   - beidh mé ar ais ar (ball)
   - ní maith léi greamáin ar (cóipleabhair)
   - cuireann sé déistin ar (daoine)
   - tá tú anseo ar (deireadh)
   - tá sí ar (comhaois) liom
   - tá an cat ina suí ar (tolg)

Ceist 5 '…Má theastaíonn…..beidh…' agus '…má tá…..díolfar…'

Leanann an aimsir láithreach ***má*** chun tagairt don am atá le teacht:

*Má t**h**eastaíonn ó altraí, nó ó dhochtúirí, nó ó Ghardaí nó ó mhúinteoirí breis airgead a fháil, beidh orainn an ráta cánach a ardú.*

Séimhítear an briathar tar éis ***má*** seachas an briathar ***bí*** agus ***abair*** (ach tabhair faoi deara go séimhítear ***bí*** san aimsir ghnáthláithreach i.e. beimid i dteagmháil má bhíonn a thuilleadh sonraí uainn)

Má tá siad sásta breis cánach a dhíol, díolfar breis tuarastail leo.

Aistrigh na habairtí seo go Gaeilge:

1. If she's here, we'll begin.
2. If he sees me in the room, he'll be upset.
3. If you do the work well, you will get paid well.
4. If she talks to you, you will be happy.
5. If you get the email, answer it straight away.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An aontaíonn tú le daoine nuair a théann siad ar stailc? Cén fáth?
2. Cad a cheapann tú faoin méid a dúirt Conall Ó Móráin – gur cheart do dhaoine, ar nós altraí, tuilleadh cánach a íoc más mian leo ardú pá a fháil?
3. An íocann comhlachtaí móra ar nós *Apple* agus *Google* go leor cánach in Éirinn, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1.	aighneas	*dispute*
2.	Cumann Altraí & Ban Cabhrach na hÉireann	*The Irish Nurses and Midwives Organisation*
3.	cúrsaí pá agus foirne	*pay and staffing matters*
4.	bonnáin	*car horns*
5.	líne phicéid	*picket line*
6.	ag tacú le	*supporting*
7.	coinne ospidéil	*hospital appointment*
8.	ráta cánach	*tax rate*
9.	coiste sláinte	*health committee*
10.	cuir ar ceal	*cancel*

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
1. Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal a leanann an réamhfhocal simplí ‘ar’ nuair atá suíomh nó ionad áirithe i gceist. Ní leanann séimhiú ‘ar’ nuair:

    - ✓ a chuirtear staid nó coinníoll in iúl – ar buile
    - ✓ atá ionad ginearálta i gceist – ar muir
    - ✓ atá am i gceist – ar maidin

2.

- ar **bharr** an tí
- bhí na daoine ar **meisce**
- gheobhaidh muid gluaisteán ar **cíos**
- beidh mé ar ais **ar ball**
- ní maith léi greamáin **ar chóipleabhair**
- cuireann sé déistin ar **dhaoine**
- tá tú anseo ar **deireadh**
- tá sí ar **comhaois** liom
- tá an cat ina suí ar **tholg**

Ceist 5
1. Má tá sí anseo, tosóimid.
2. Má fheiceann sé sa seomra mé, beidh sé trína chéile.
3. Má dhéanann tú obair mhaith, íocfar go maith thú.
4. Má labhraíonn sí leat, beidh tú sásta.
5. Má fhaigheann tú an ríomhphost, tabhair freagra air láithreach.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt
Níl aon réiteach ar an aighneas idir an Rialtas agus Cumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann. Chuir stailc an lae inniu, an tarna[1] lá ar stailc ag altraí, isteach ar sheirbhísí sláinte.

Chuir 37,000 altra picéad ar 240 ionad ar fud na tíre. Is faoi chúrsaí pá agus foirne an t-aighneas.

Caoimhe Ní Laighin
Bhí tiománaithe ag séideadh a mbonnán go hard inniu ag tacú le haltraí ar an líne phicéid i dTamhlacht.

Sinéad Clearly, Altra, Ospidéal na hOllscoile, Tamhlacht
Tá an brú oibre chomh dona sin. Níl an t-am againn chun an cúram ceart a thabhairt d'othair. Bímid i gcónaí ag gabháil leithscéil. Caithfidh an Rialtas a aithint na hardscileanna atá againn.

Claire Noonan, Altra, Ospidéal na hOllscoile, Tamhlacht
Táim cinnte go leanfaidh an pobal ar aghaidh ag tacú linn, mar atá siad ag tacú linn inniu. Tuigeann an pobal an obair chrua a dhéanaimid agus tá sé thar am dúinn an pá ceart a fháil.

Caoimhe Ní Laighin
Bíodh is go bhfuil siad ag tacú leo inniu, tá sé lá eile stailce beartaithe agus an chuma ar an scéal gur in olcas atá cúrsaí ag dul.

Tá 37,000 altra de chuid Chumann na nAltraí agus na mBan Cabhrach[2] i mbun stailce inniu ag 240 ionad ar fud na tíre. An tseachtain seo caite, ar an gcéad lá stailce, ní raibh na picéid le feiceáil ach in 82 ionad ar fud na tíre.

Deir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go bhfuil thart ar 27,000 coinne ospidéil curtha ar ceal inniu. Deir Cumann na nAltraí agus na mBan Cabhrach nach bhfuil leigheas ar an aighneas seo ach ardú pá. Ach tá an Rialtas imníoch faoi fhasach a chruthú i measc oibrithe poiblí, go háirithe i bhfianaise an Bhreatimeachta.

Conall Ó Móráin, Tráchtaire Eacnamaíochta
Má theastaíonn ó altraí, nó ó dhochtúirí, nó ó Ghardaí nó ó mhúinteoirí breis airgid a fháil, beidh orainn an ráta cánach a ardú. Má tá siad sásta breis cánach a dhíol, díolfar breis tuarastail leo. Ach, sin an deacracht atá ag an Rialtas.

Caoimhe Ní Laighin
Tá an tAire Sláinte, Simon Harris, os comhair choiste sláinte an Oireachtais tráthnóna. Tá coinní ospidéil ar an Déardaoin curtha ar ceal cheana féin. Beidh an chéad stailc eile ar siúl ar an lá sin.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4, i mBaile Átha Cliath.

[1] *dara* an leagan caighdeánach
[2] *Cumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann* an leagan oifigiúil